RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1317 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Meitheamh 2023

maidir le maolú sealadach ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150 a mhéid a bhaineann le bearta áirithe chun aghaidh a thabhairt ar shuaitheadh sa mhargadh in earnáil an fhíona

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 54, pointí (a)agus (e), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá tionchar diúltach suntasach ar an margadh fíona i roinnt Ballstát ag an staid eacnamaíoch reatha arb é is príomhthréith di ardchostais ionchuir ar tháirgeadh talmhaíochta agus costais mhéadaithe mhaireachtála. Maidir leis an mboilsciú domhanda agus an laghdú gaolmhar ar chumhacht cheannaigh na dtomhaltóirí, ní dhéantar leo ach an treocht ghinearálta maidir le tomhaltas fíona a laghdú san Aontas a ghéarú a thuilleadh. Dá bhrí sin, tá méadú ag teacht ar na fadhbanna atá ag saothróirí fíona maidir leis an mbuaint atá le teacht: stoic fíona á gcarnadh, tomhaltas laghdaithe, caillteanais ioncaim agus deacrachtaí díolacháin. I bhfianaise an mhéid sin, is gá don Choimisiún roinnt beart eisceachtúil margaidh a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar an staid mhíchothromaithe atá ann faoi láthair sa mhargadh fíona agus chun freagairt go tráthúil sula dtiocfaidh meath air. Áirítear ar na bearta atá beartaithe, *inter alia*, an fhéidearthacht driogadh géarchéime a mhaoiniú faoi na cláir thacaíochta náisiúnta fíona de mhaolú ar Airteagal 43 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 chomh maith le roinnt coigeartuithe a bhaineann leis na bearta incháilithe eile a mhaoinítear faoi na cláir i gcomhréir leis an Airteagal sin.

(2) Chun a chur ar chumas na mBallstát na bearta géarchéime dá dtagraítear thuas a chur chun feidhme láithreach, is gá maolú don bhliain airgeadais 2023 ar roinnt forálacha de chuid Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150 ([2]) ón gCoimisiún a bhaineann le cur chun feidhme na gclár náisiúnta tacaíochta in earnáil an fhíona.

(3) Foráiltear le hAirteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150 nach ndéanfar athruithe i leith na gclár tacaíochta is infheidhme, dá dtagraítear in Airteagal 41(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, a chur isteach níos mó ná dhá uaire in aghaidh na bliana airgeadais. Ar choinníoll nach mbeidh feidhm ag na cláir thacaíochta náisiúnta fíona atá ann faoi láthair ach go dtí an 15 Deireadh Fómhair 2023, mar a leagtar amach in Airteagal 5(7) de Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), agus chun cur ar chumas na mBallstát a gcláir náisiúnta thacaíochta a oiriúnú go tapa ar chúiseanna a bhaineann leis an staid mhíchothromaithe atá sa mhargadh fíona faoi láthair, is iomchuí cead a thabhairt dóibh athruithe ar a gcláir a chur isteach níos mó ná dhá uaire in aghaidh na bliana airgeadais fad a chuirfear na hathruithe sin isteach roimh an 15 Deireadh Fómhair 2023. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann freagairt go tapa d'imthosca éagobhsaí an mhargaidh agus athruithe a chur isteach ar a gclár a luaithe agus a mhinice a mheastar gá a bheith leo. Chuirfeadh solúbthacht den sórt sin ar chumas na mBallstát na bearta atá i bhfeidhm cheana a bharrfheabhsú, líon na n-idirghabhálacha a mhéadú agus coigeartuithe a dhéanamh níos minice agus staid an mhargaidh á cur san áireamh acu. Leis an tsolúbthacht fheabhsaithe sin, bheadh níos mó deiseanna ar fáil d'oibreoirí nua, lena n-áirítear daoine nuathagtha, chun iarratais ar thacaíocht a chur isteach. Dá bhrí sin, is gá maolú ar Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150 chun athruithe ar na cláir náisiúnta thacaíochta a cheadú aon uair is gá sa bhliain airgeadais 2023.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2016 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na cláir náisiúnta thacaíochta in earnáil an fhíona (IO L 190, 15.7.2016, lch. 23).

([3]) Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, agus (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas (IO L 435, 6.12.2021, lch. 262).

(4) Ina theannta sin, i bhfianaise staid reatha an mhargaidh, agus chun laghdú a dhéanamh ar an riosca go mairfidh sé tar éis na buainte fíona atá le teacht, tá bearta eisceachtúla á nglacadh ag an gCoimisiún, i measc nithe eile, chun cur leis an úsáid a bhaineann na Ballstáit as an mbeart maidir le glasbhuaint laistigh dá gcláir thacaíochta fíona an samhradh seo. Chun na críche sin, is iomchuí solúbthacht a thabhairt do na Ballstáit i ndáil leis na spriocdhátaí chun an beart glasbhuainte a chur chun feidhme. Ar an gcéad dul síos, is gá an spriocdháta le haghaidh iarratais a chur isteach ar thacaíocht i gcomhair glasbhuainte don bhliain airgeadais 2023 a chur siar chomh maith leis an spriocdháta chun oibríochtaí den sórt sin a dhéanamh mar a leagtar amach in Airteagal 8, pointí (b) agus (d) faoi seach de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, ar choinníoll go ndéanfar an oibríocht roimh an ngnáth-am buainte mar a shaintréithítear le céim aibíochta ábhartha Baggiolini. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin an t-am breise ar fáil do tháirgeoirí na hoibríochtaí sin a chur i bhfeidhm agus a dhéanamh. Ar an dara dul síos, maidir leis na forbairtí margaidh atá ann faoi láthair agus na barrachais fíona atá ag méadú dá dheasca, dealraíonn sé nach bhfuil sé ábhartha iarraidh ar na Ballstáit údar sonrach a thabhairt chun glasbhuaint a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, is iomchuí maolú ar Airteagal 8, pointe (c), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150 agus an ceanglas a chur ar fionraí go sealadach le haghaidh na bliana airgeadais 2023 go mbunóidh na Ballstáit staid mhargaidh a bhfuil coinne léi lena dtabharfar údar cuí le glasbhuaint a chur i bhfeidhm chun cothromaíocht mhargaidh a athbhunú agus chun géarchéim a chosc.

(5) Ina theannta sin, mar thoradh ar an tsolúbthacht a thugtar do na Ballstáit i ndáil leis na spriocdhátaí chun an beart maidir le glasbhuaint a chur chun feidhme, is gá maolú ar Airteagal 43(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150 chun an spriocdháta dá bhforáiltear san fhoráil sin a choigeartú chun go mbeidh na húdaráis inniúla in ann seiceálacha a dhéanamh ar chur chun feidhme oibríochtaí glasbhuainte. Dá bhrí sin, sa bhliain airgeadais 2023, ba cheart seiceálacha den sórt sin a dhéanamh faoin 15 Meán Fómhair 2023 agus, in aon chás, ba cheart iad a chur i gcrích faoin ngnáth-am buainte (céim Baggiolini N, céim BBCH 89).

(6) I bhfianaise an ghá atá ann gníomhú láithreach, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maoluithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150

1. De mhaolú ar Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, féadfaidh na Ballstáit, aon uair is gá le linn na bliana airgeadais 2023, ach tráth nach déanaí ná an 15 Deireadh Fómhair 2023, athruithe a thabhairt isteach ar a gcláir náisiúnta thacaíochta in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 41(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

2. De mhaolú ar Airteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, le linn na bliana airgeadais 2023, féadfaidh na Ballstáit:

(a) an sprioc-am a leagan síos chun iarratais a chur isteach ar thacaíocht le haghaidh glasbhuainte, dá dtagraítear i bpointe (b) den Airteagal sin, idir an 15 Aibreán agus an 31 Iúil;

(b) rogha a dhéanamh gan staid mhargaidh ionchasach a bhunú lena dtabharfaí údar cuí leis an nglasbhuaint a chur i bhfeidhm, dá dtagraítear i bpointe (c) den Airteagal sin;

(c) de mhaolú ar phointe (d) den Airteagal sin, faoin 15 Iúil ar a dhéanaí sprioc-am a leagan síos faoi dháta tar éis an spriocdháta chun iarratais ar thacaíocht le haghaidh ghlasbhuaint a chur isteach dá bhforáiltear i bpointe (a) den mhír seo chun na hoibríochtaí glasbhuainte a dhéanamh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 47(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Socrófar an spriocdháta sin roimh ghnáth-am na lománaíochta (céim Baggiolini N, BBCH céim 89) in aon limistéar ar leith.

3. De mhaolú ar Airteagal 43(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, déanfar gach seiceáil ar oibríochtaí glasbhuainte a chuirfear chun feidhme sa bhliain airgeadais 2023 faoin 15 Meán Fómhair 2023 agus, i gcás ar bith, cuirfear i gcrích iad faoin ngnáth-am buainte (Baggiolini céim N, BBCH céim 89) in aon limistéar ar leith.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meitheamh 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN